AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Litir Chiorcláin 0079/2016

Le haghaidh: Údaráis Bainistithe i Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta
agus
Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

MÉADÚ TUARASTAIL LE hAGHAIDH MÚINTEOIRÍ TOSAIGH IAR-1 FEABHRA 2012 ATÁ CLÚDAITHE FAOI CHOMHAONTÚ BHÓTHAR LANSDÚN

Intreoir

1. Is mian leis an Aire Oideachais agus Scileanna a chur in iúl d'Údaráis Bainistithe, do Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus do Mhúinteoirí go dtiocfaidh na rátaí leasaithe tuarastail le haghaidh múinteoirí tosaigh iar-1 Feabhra 2012 atá clúdaithe faoi Chomhaontú Bhóthar Lansdún i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2017.

2. Ba cheart an Ciorclán seo a léamh in éineacht le Ciorclán 0045/2016.

3. Baineann an Ciorclán seo le múinteoirí atá fostaithe i scoileanna de chuid Boird Oideachais agus Oiliúna (diomaite de Choláistí Pobail Ainmnithe).

4. Baineann an Ciorclán seo chomh maith le múinteoirí atá fostaithe i Meánscoileanna Deonacha, i gColáistí Pobail Ainmnithe agus i bPobalscoileanna agus i Scoileanna Cuimsitheacha ar baill d'Aontas Múinteoirí Éireann iad, agus a dheimhnigh é sin tríd an 'bhFoirm Toilithe Múinteora LRA' a bhí ceangailte de Chiorclán 0045/2016 a chur isteach.

5. Tá na méaduithe tuarastail seo ag eascairt as Comhaontú Bhóthar Lansdún.

Méaduithe Tuarastail le héifeacht ón 1 Eanáir 2017 le haghaidh Múinteoirí Tosaigh Iar-1 Feabhra 2012 atá clúdaithe faoi Chomhaontú Bhóthar Lansdún

6. I gcomhréir le Comhaontú Bhóthar Lansdún agus le comhaontú Cumann Múinteoirí Éireann/Aontas Múinteoirí Éireann i dtaca le pá múinteoirí tosaigh a rinneadh i mí Mheán Fómhair 2016, tiocfaidh an scála tuarastail leasaithe, mar atá leagtha amach in Aguisín 1, i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2017 le haghaidh múinteoirí atá clúdaithe faoi Chomhaontú Bhóthar Lansdún agus a gcuirtear síos dóibh gur múinteoirí iad a chuir tús le ceird na múinteoireachta tar éis an 1 Feabhra 2012.

7. Tá na huair-rátaí leasaithe páirtaimseartha le haghaidh múinteoirí atá clúdaithe faoi Chomhaontú Bhóthar Lansdún agus ar múinteoirí tosaigh iar-1 Feabhra 2012 iad ceangailte ag Aguisín 2(a). Tiocfaidh na rátaí seo i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2017.

8. Cuirfear gach scála tuarastail agus uair-ráta ócáideach agus neamh-ócáideach, ab iníoctha le múinteoirí atá clúdaithe faoi Chomhaontú Bhóthar Lansdún agus ar múinteoirí iar-1 Feabhra 2012 iad, a bhí leagtha amach i gciorcláin roimhe seo, ar ceal de thoradh théarmaí an Chiorcláin seo, le héifeacht ón 1 Eanáir 2017.

Ní thiocfaidh aon athrú ar thuarastail Múinteoirí Tosaigh iar-1 Feabhra 2012 nach bhfuil clúdaithe faoi Chomhaontú Bhóthar Lansdún

9. Tá na scálaí tuarastail reatha, na rátaí laethúla reatha agus na huair-rátaí páirtaimseartha reatha is iníoctha le múinteoirí nach bhfuil clúdaithe faoi Chomhaontú Bhóthar Lansdún agus a chuir tús le ceird na múinteoireachta tar éis an 1 Feabhra 2012 fós i bhfeidhm agus ní thiocfaidh aon athrú orthu de thoradh théarmaí an Chiorcláin seo. Tá na rátaí seo le sonrú in Aguisín 1 agus 2(b) d'fhonn tagairtí a éascú.

Gan aon athrú ar thuarastail múinteoirí a chuir tús le ceird na múinteoireachta roimh an 1 Feabhra 2012

10. Ionas nach mbeidh aon mhíthuiscint ann, tá na scálaí tuarastail reatha, na rátaí laethúla reatha agus na huair-rátaí páirtaimseartha reatha is iníoctha le múinteoirí a chuir tús le ceird na múinteoireachta roimh an 1 Feabhra 2012 fós i bhfeidhm agus ní thiocfaidh aon athrú orthu de thoradh théarmaí an Chiorcláin seo.

Scaipeachán agus Fiosrúcháin

11. Iarrtar ort a chinntiú go gcuirfear cóipeanna den chiorclán seo chuig gach ball den Bhord Bainistíochta/Bord Oideachais agus Oiliúna agus go gcuirfear a bhfuil istigh ann in iúl do gach múinteoir atá fostaithe agat, lena n-áirítear iad sin a bhfuil cead neamhláithreachta acu.

12. Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi www.education.ie.

13. Ba cheart fiosrúcháin i dtaca leis an gCiorclán seo a chur tríd an ríomhphost chuig PPPayroll@education.gov.ie.

P. Maloney
Príomhoifigeach
Párolla

Nollaig 2016

Aguisín 1

Scála tuarastail incriminteach leasaithe le haghaidh múinteoirí atá clúdaithe faoi Chomhaontú Bhóthar Lansdún agus a chuir tús le ceird na múinteoireachta ar nó tar éis an 1 Feabhra 2012, le teacht i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2017. Níl aon liúntas cáilíochtaí iníoctha leis an gcohórt seo múinteoirí.

Scála leasaithe ón 1 Eanáir lena n-aghaidh sin a ceapadh ar nó tar éis an 1 Feabhra 2012 **(ní bhaineann <u>ach</u> le múinteoirí atá clúdaithe faoi Chomhaontú Bhóthar Lansdún)**	
Pointe	**€**
1	32,806
2	34,614
3	35,837
4	37,529
5	38,673
6	40,047
7	41,496
8	42,956
9	44,176
10	46,073
11	46,750
12	47,559
13	49,479
14	50,290
15	50,968
16	51,866
17	53,338
18	53,338
19	54,576
20	54,576
21	56,203
22	56,203
23	57,839
24	60,510
25	61,097

Scála reatha lena n-aghaidh sin a ceapadh ar nó tar éis an 1 Feabhra 2012 **(ag leanúint do mhúinteoirí atá clúdaithe faoi Achtanna FEMPI i.e. múinteoirí <u>nach bhfuil</u> clúdaithe faoi Chomhaontú Bhóthar Lansdún)**	
Pointe	**€**
1	31,009
2	33,168
3	33,950
4	36,576
5	37,795
6	39,251
7	40,700
8	42,160
9	43,380
10	44,996
11	44,996
12	44,996
13	47,225
14	47,225
15	47,225
16	47,225
17	50,170
18	50,170
19	50,170
20	50,170
21	53,423
22	53,423
23	53,423
24	58,765
25	59,940

26	61,097
27	62,905

<u>Aguisín 2</u>

(a) Uair-rátaí ócáideacha páirtaimseartha leasaithe le héifeacht ón 1 Eanáir 2017, le haghaidh múinteoirí a chuir tús le ceird na múinteoireachta ar nó tar éis an 1 Feabhra 2012 agus atá clúdaithe faoi chomhaontú Bhóthar Lansdún:

Catagóir	**Ráta Leanúnach ón 1/1/2017**	**Luach na Saoire Bliantúla Reachtúla Carntha in aghaidh Uair an Chloig a Oibrítear ón 1/1/17**
Uair-ráta ócáideach, cáilithe	36.17	4.93
Uair-ráta, neamhcháilithe	32.35	4.41

(a) Uair-rátaí ócáideacha páirtaimseartha le haghaidh múinteoirí a chuir tús le ceird na múinteoireachta ar nó tar éis an 1 Feabhra 2012 agus <u>nach bhfuil</u> clúdaithe faoi chomhaontú Bhóthar Lansdún:

Catagóir	**Ráta Leanúnach**	**Luach na Saoire Bliantúla Reachtúla Carntha in aghaidh Gach Uair an Chloig a Oibrítear**
Uair-ráta ócáideach, cáilithe	36.09	4.92
Uair-ráta, neamhcháilithe	32.35	4.41